



Bí bródúil as do theanga

# An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Earrach 2020  
1-09-2020

## Tá an t-Earrach linn

**F**ocail ón Uachtarán

Tá an t-Earrach linn agus tugann sin dóchas dom go bhfuil ag éirí go maith le gach éinne.

Tá súil agam nach bhfuil an frith-dhúnadh ag cur isteach ró-ghéar oraibh agus go bhfuil sibh slán ón Covid-19.

Tá an Cruinniú Cinn Bhliana ar siúl agus



Lá ar Inis Bó Finne — leathanach 3

mar atá ar eolas agaibh tá géarghá le daoine teacht chun chinn le páirt a ghlacadh i gCoiste an Chumannainn.

Tar éis na blianta níor chóir go rachadh an Cumann ar chúl ceal cabhair.

Le meas, Éamon

## San Eagrán Seo..

<i>President's Message</i>	1
<i>Lá ar Inis Bó Finne</i>	2-3
<i>A.G.M. Notice</i>	4
<i>Ar Fud na dTíortha</i>	5
<i>Ag Teach ar TG4</i>	6-7
<i>De réir Muiris</i>	7

*Special Insert  
Proxy voting and  
nomination*

### Important notice to students

Our weekly Irish Language classes in Melbourne have been suspended for the time being and replaced with on-line classes.

Please see our website [www.gaeilge.org.au](http://www.gaeilge.org.au) for further details

Our committee will be re-assessing the situation regularly with a view to resuming our normal activities as soon as possible. In the meantime please stay safe and follow all the advice given by the Victorian and federal governments.

**Check our website for the latest news about classes and Irish language events around Australia**

## Lá ar Inis Bó Finne

**A**márach, rachaimis ar eachtra chorraitheach, agus b' é, d'ainneoin m'ímní, lá den scoth. Ba mhaith liom dul go hoileán ar iar-cósta na hÉireann le tamall fada anuas. Ach, ar an dro-chuair, tagann tinneas farraige go dona orm, nuair a thógaim coiscéim ar bhád.

I 2016 bhí mé ag fanacht le teaghlach sa Chlochán i gConnemara. Nuair a d'fhoghlaim mé nach dtógfadh an turas ach tríocha nóiméid as an gCloigeann (an port in aice leis an gClochán) go dtí an oileán Inis Bó Finne, cheannaíomar na ticéid bháid. Mhairfínn tríocha nóiméid, cinnte. Ní bheadh díomá orm.

Nuair a d'fhágamar an port ar an mbád, bhí amharc aoibhinn againn thar an fharraige i dtreo na mórthíre, chuig na Beanna Beola sainiúla, agus suas an chósta chonaiceamar an t-oileán Acla agus an Chruach Phádraig. Ba é an ceantar seo dúiche Gráinne Ní Mháille – fiú ar Inis Bó Finne, tá an fothrach caisleáin Gráinne ann, ag béal an chuain bhig.

Ar an mbád, bhíomar ag baint sult as an aimsir álainn, an t-aer úr agus an spéir ghorm, ach bhí iontas orainn nuair a thosaigh na teaghlaigh Éireannaigh ag cur uachtar gréine orthu féin. Inár dtuairim ní raibh ann ach lá séimh; ní raibh sé te ar bith. Áfach, bhí an ceart acu. Ba é an lá is teo (30 céim), a bhí in Éirinn againn le linn cúig seachtaine. Ag deireadh an lae seo, bhí mo dheartháir agus mo chol ceathair anghríandóite.

Thángamar ar chuan deas, lena chladaigh creagacha, uisce glé agus báid ag damhsa, agus ní raibh mé tinn ar chor ar bith. Ní raibh an t-oileán lán le turasoírí; ní raibh caife ná léarscáil ag an gcuan chun beannú ar na cuairteoirí. Ba chuma liom; ní thaitníonn na háiteanna turasoíreachta go mór liom. Ba cheart duit dul chuig na háiteanna seo, mar tá siad an-iontach nó stairiúil agus an-suimiúil, cosúil le Brú na Bóinne agus Príosún Chill Maighneann, mar shampla.

Ach rud aisteach – bhí roinnt grúpaí de mhuintir na háite ag an gcuan, le cuma dháiríre, ag caint agus ag scrúdú na daoine a bhí ag fágáil an bháid. Níos déanaí

d'fhoghlaimíomar scéal an lae, agus ansin bhí ciall ag baint leis. Inniu, tháinig triúr oifigigh custaim chun umair pheitрил na hoileánaigh a sheiceáil, le haghaidh breosla mídhleathach. Más mian leat an scéal iomlán, iarr orm faoi.

Thosaíomar ag siúil i dtreo deisealach timpeall an oileáin. Roghnaigh mé Inis Bó Finne, mar bhí sé in aice leis an mhórthír, cinnte, ach bhí ábhar eile ann. Is éanfhairtheoir mé, agus cé go raibh mé ag féachaint ar na héin i ngach áit in Éirinn, bhí sé teagmhasach i gcónaí – inniu bheadh sé intinneach. Cónaíonn éan atá annamh agus i mbaol, darb ainm Traonach, sa talamh féaraigh anseo, agus bhí mé ag iarraidh é a fheiceáil, go práinneach. Ar an mbealach, bhaineamar taitneamh as an amharc iontach den bhóthar cósta – bhí na tránna gainmheach nó carraigeach agus an fharraige ghléghlan agus tarraingteach. Níor mhill an suaimhneas, ach carranna a bhí ag tiomáint ar róluas. Aisteach sin ...



Go luath, thángamar chuig teach tábhairne beag, darb ainm Murrays. Mhol mo leabhrán eolais é, mar sin rinneamar cinneadh ár lón a ithe ann. Bhí an bia thar barr - d'ith mé an seabhdar bia mara an-bhlasta, beagnach chomh maith leis an gceann i nGleann Cholm Cille. Ní bheadh ocras orm ar feadh uaireanta arís.

Chumar ar ais ar an mbóthar cósta, agus trí na páirceanna feirmeacha le féaraigh suimiúla. Faraor, ní fhaca mé, ná níor chuala mé Traonach ar bith.



B'fhéidir, go raibh siad ag dul i bhfolach orainn, mar deirtear, gur éin deacra agus leisciúla iad. Is fearr leo ghlaoch le breacadh an lae agus tráthnóna. B'fhéidir, bheadh siad sna cnoic arda carraigeacha romhainn, a bhí clúdaithe i bhfraoch agus a bhí mar cnámh droma an oileáin. Chuamar trí gheata feirme anseo, agus thógamar an cosán trasna an oileáin go dtí an taobh eile. Rachadh sé faoi dheireadh síos go dtí an cuan.

Ba é comhartha diúltach go raibh an féar an-gherr – ní raibh ach na caoirigh aite allta anseo. Mar sin ní raibh ionadh orm, nach bhfaca mé éan amháin, ná créatúr eile ar bith, ach na caoirigh sin lena súile bánghorma hiopnóiseacha, ag tabhairt a stánadh báis dúinn. Chuaigh an cosán idir na cnoic uaigneacha fásaigh, seachas grúpa carranna ag páirceáil in aon áit amháin. Bhíomar ag ceapadh, go raibh picnic ag muintir éigean an oileáin. Ach ní fhacamar duine amháin sna carranna, ar an gcosán, sna cnoic – níos aistí fiú ...

Leanamar ar ár siúl trasna an oileáin, meas mór orainn ar na hamhairc lochanna agus bánna iontacha thíos. D'fhan na héin gann. Ach bhí aon chréatúr amháin beo anseo; bhuaileamar leis. Bhí asal neamhlách, ag féachaint orainn, nuair a shiúlamar thairis. Ní dúramar ach “Dia duit!” agus bhuir sé le torann bodhrathreach leanúnach. Chualamar fós é, nuair a bhíomar deich nóiméad ar shiúl síos an chnoic. Ní raibh sé cosúil lena hasail deas cairdiúil i mBaile Átha Troim. Chuamar i dtreo an taobh thuaidh den oileáin anois. Tá na trána is áille ar Inis Bó Finne le fáil anseo.

Ó chnoc íseal, chonaiceamar iad lena ngaineamh bán, uisce gorm agus daoine sásta. Sa chúlra bhí na hoileáin Inis Toirc, Oileán Chliara, Oileán Acla, agus an Cnoc Cruach Phádraig le feiceáil. Ar dheis bhí an t-amharc is fearr de na Beanna Beola ar an mórthír. Níos gaire dúinn, bhí fothrach an tséipéil bhig Naomh Colmán ón am meánaoiseach; bhí sé tógtha ar fhothrach na Mainistreach Naomh Colmáin ón seachtú haois. Tá iarsmaí níos sine ar an oileán ón Aois Neoilteach agus Cré-umha. Ach ní raibh am ar bith againn, chun a seandálaíocht a thaiscéaladh anois.

Leis sin féin, fuair mé sceiteadh súl ar rud éigean (is múinteoir agus éanfhairtheoir mise tar éis an lae). Ar an gcnoc in aice lenár gcosán, bhí éan neamhghnách ag léim go ciotach timpeall san fhéar agus suas ar charraigeacha beaga. B'fhéidir gur Traonach é – d'iompair sé cosúil leis na héin seo. Thógamar grianghraif chun breathnú orthu níos cúramaí níos déanaí. Bheadh éad ar mo chairde-éanfhairtheoir san Astráil.

Ag an gcuan tháingamar ar shiopa beag, inar cheannaíomar uachtar reoite. Bhí na triúr oifigigh custaim agus mórán daoine eile ann ag baint taitneamh as deoch fhuar nó uachtar reoite faoin ngrian. I ndeireadh an tráthnóna idileach d'fhanamar ar an gcé leis an mbád ar ais, agus thaitin an radharc go mór linn. Bhíomar in éad le déagóirí, a bhí ag léim den ché síos san uisce glé fionnuar. Anois, bhí na grúpaí de muintir na háite ar an gcé arís, ag déanamh comhráite le chéile. Aisteach; ní raibh báid eile ag teacht inniu. An raibh siad sásta go rabhamar ag fágáil? Nó, an raibh suim acu go raibh na hoifigigh chustaim ag fágáil ?

Agus níos déanaí i gClochán, cad mar gheall ar an éan sin sa ghrianghraf? Caithfidh mé a rá, gur mhothaigh mé féin mí-ámharach gan an Traonach a fheiceáil, ach bhí mé sásta Liatráisc a fheiceáil don chéad uair. Agus ní fhéadfadh aon rud ár lá iontach ar Inis Bó Finne a mhilleadh.

Christine



## A.G.M. Notice

**A.G.M.  
7:30pm, Tue 22/9/2020,  
via Zoom**

### Agenda

Opening remarks  
Apologies  
Minutes of previous Annual General Meeting, 19 September 2019  
Reports  
    President  
    Treasurer  
    Cumann Work Plan  
    Project A: Tuition (Convenor: Eamon Naughton)  
    Project B: Gaeltacht Melbourne (Convenor: Sally Warmington)  
    Project C: Communications (Convenor: Seán Ó Séaghdha)  
Election of Office Bearers and Committee Members  
Closing remarks

### Notes

#### **Access to the meeting.**

Because of COVID-19 restrictions the meeting will be held online via Zoom. If you intend to participate in the meeting please e-mail us at [eolas@gaeilge.org.au](mailto:eolas@gaeilge.org.au) and shortly before the meeting you will be sent the link and password to use to gain access to the meeting.

#### **Office Bearers and Committee Members.**

The Rules of the Association prescribe that the Office Bearers (President, Vice President, Secretary and Treasurer) and Committee (six members) are to be elected at the AGM each year. Of the current Office Bearers only the Treasurer (Sally Warmington) is available for re-election and of the current Committee members only Seán Ó Séaghdha and Liam O'Shanessy are available for re-election. Hence additional candidates are definitely required, and members are invited and strongly urged to nominate for election. A nomination form is attached and this should be filled in and signed by the nominee, proposer and returned via email to [eolas@gaeilge.org.au](mailto:eolas@gaeilge.org.au) prior to the meeting. Alternatively, the nomination can be made by means of an email sent from the nominee to [eolas@gaeilge.org.au](mailto:eolas@gaeilge.org.au) with a cc copy to the proposer and the seconder.

Nominations, proxies and notice of attendance must be received at least 24 hours prior to the meeting. Queries should be addressed to the email address shown above.

Copies of the 2019 minutes and the 2020 reports have been emailed separately by committee to all members. A nomination and proxy voting form is included with this newsletter.



## Ar Fud na dTíortha

**O**n the evening of Wednesday 19 August our friends in Gasra na Gaeilge, Adelaide hosted an on-line roundup of Irish language activities here in Australia and also New Zealand. The format was similar to what we have seen in our Summer and Winter schools over the years and as well as featuring the bigger organisations it also gave the smaller groups outside the capital cities a chance to promote their own classes.

During the 80 minute meeting there were quite a few snippets of useful information to be had about resources, some of which are reproduced below for the benefit of any students who were not able to take part.

One group is using a book called *Graiméar an Draoi* (Wizard grammar) which is designed to accompany the *Fuinneamh* and *Fiúntas* textbooks used by students in Ireland to prepare for the school leaving certificate at ordinary and advanced level respectively. Published by EDCO, it is available from bookshops in Ireland for a very modest 10.80 Euros, currently about \$17 AUD

It's been reported that parcel post from Ireland to Aust is temporarily suspended because of pandemic but as we found out later, you can always get an obliging relative in Donegal or Monaghan to purchase one and then pop over the border and post it from within Northern Ireland.

Another good resource currently being used by one of the classes in Qld is a website [www.hofshi.net](http://www.hofshi.net) created by Shanti Hofshi in California. Shanti has generously made this available for free to anyone. For more information on this and the California classes see our newsletter issue 57, Fómhar 2017

More than one local group is getting good value from VI-FAX. This has also been mentioned in our newsletter before (see issue 52, Samhradh 2015) but is still attracting lots of interest. Again, this is a totally free resource <http://vifax.maynoothuniversity.ie/>



The classic story *An Baile seo 'gainn-ne* (1913) and the later follow up, *Jimín Mháire Thaidhg* (1919) are old favourites and although currently out-of-print, they remain very popular with students. You can download or print the text from this website

[http://wikisource.org/wiki/Jimín\\_Mháire\\_Thaidhg](http://wikisource.org/wiki/Jimín_Mháire_Thaidhg)

Alternatively, there seem to be a few scans of the later 1974 edition now in local circulation amongst our teachers and there is also a copy of the book itself in the National Library of Australia, Canberra. This edition has both stories published in one volume entitled *Seoda an tSeabhaic*. If you are located in the A.C.T. and want to view it at the NLA just quote the Bibliographic ID which is number 352946

Full marks to the Gasra na Gaeilge organisers for a very informative meeting and we hope that Adelaide can continue to host these online sessions so that Irish language learners can stay up to date with what's happening while we are in various degrees of lockdown around the country.

*\* Note that the wiki text of Jimín is written with pre-caighdeán spelling and uses the older-style dots over consonants to indicate lenition. The 1974 printed edition published by Clódhanna has been "standardised" and hence may be more accessible to beginners. An Seabhaic was the pen-name of author Pádraig Ó Siochfhradha.*



## Ag Teacht ar TG4

**T**he latest TG4 press release to come our way has news of many exciting new programs to be seen this season. Programs remain available on-line on the TG4 website for 30 days after date of transmission.

### Oíche Chultúir, Dé hAoine 18/09 ó 20:00

Tearmann - Scannán cruthaitheach ina léirítear roinnt den obair nuálach atá ar bun ag ealaíontóirí éagsúla sna ceantair Ghaeltachta. Fiosraítear sa scannán an tionchar atá ag an tírdhreach, an cultúr agus na pobail Ghaeltachta ar ghlún nua ealaíontóirí.

Cumar - Clár ar leith ina bhfiosraítear Gaillimh mar ionad ealaíne agus na tionchair éagsúla ealaíne a bhí ar an gcathair agus mar a tháinig siad le chéile. Caitheadh bliain ag taifeadadh na sraithe seo agus tugtar léiriú inti ar an athrú a thagann ar an gcathair leis na séasúir.

### DNA Cailte, Dé Céadaoin 02/09 , 21:30

Díríonn an tsraith seo ar thaighde DNA & eolaíocht cheannródaíoch atá ag athrú an tuiscint atá againn ar stair na hÉireann. Sa chéad clár, "Bunús", leanfar taighdeoirí a thugann eolas nua faoi stair na Gael chun solais, ón dream a bhíodh ag fiach & ag baint, go dtí na feirmeoirí luaithe a tháinig ón Mheánoirthear.

Sa dara clár, "Rúin na hUaighe" baineann saineolaithe tairbhe as taighde úr eolaíochta & DNA le tuiscint nua a fháil ar bheatha & ar bhás sna Meánaoiseanna. Sa tríú clár, "In Aimsir Chogaidh", díritear ar thuiscintí nua eolaíochta a léiríonn ról na hadhamsire i stair na hÉireann ag amanna cinniúnacha.

### Seal le Dáithí , Déardaoin 10/09, 19:30

Cuireann Dáithí Ó Sé sraith a 3 de 'Seal le Dáithí' i láthair ar TG4. Beidh dreas comhrá gach seachtain le aoi difriúil, ina n-insíonn aionna scéal a mbeatha agus iad ag caitheamh 'Seal le Dáithí'. I measc na n-aionna sa tsraith nua, tá Stiúrthóir Fótagrafaíochta 'Peaky Blinders', Laureate na nÓg, Ollamh a chónaíonn in éiceaphobal i dTiobraid Árann, Iar-Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge, banaltra de chuid Médecins Sans Frontières, traenálaí pearsanta a bhunaigh giomnásiam sa Phalaistín,

Príomhfheidhmeannach Women for Election, fuirseoirí, scríbhneoirí, amhránaithe, ceoltóirí agus craoltóirí



### Bailte, Déardaoin 03/09, 20:00

Sraith nua ocht gclár de Bailte ina dtabharfaidh Síle Nic Chonaonaigh cuairt ar bhailte fearainn ar fud na hÉireann chun an ceangal atá ag daoine leis an áit as a dtagann siad a fhiosrú. Fiosróidh sí an tírdhreach a mhúnlaíonn iad, an cultúr as ar fáisceadh iad agus na slite beatha a chothaíonn iad. I measc na mbailte a dtabharfaidh sí cuairt orthu sa tsraith nua seo beidh An Bun Beag i nGaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall, An Gleann in Uíbh Ráthach, i ndeisceart Chiarraí agus cuirfear tús leis an tsraith ar an mBaile Uachtarach i gCorca Dhuibhne i gCo. Chiarraí .



### Cogadh ar Mhná, Dé Céadaoin 23/09 , 21:30

Ar feadh na mblianta, measadh Réabhlóid na hÉireann a bheith eisceachtúil sa mhéid is nár tharla foréigin ghnéis in aghaidh na mban lena linn mar a tharla i mbeagnach gach cogadh eile ar fud an domhain. Áitíonn an clár faisnéise seo nach fíor sin. Scéalta na mban a d'fhulaing foréigean gnéis le linn na Réabhlóide atá faoi chaibidil sa

chlár seo, scéalta a coinníodh faoi chois chun stair agus cáil na tíre a chosaint.

### Ros na Rún @ 25, Déardaoin 10/09, 20:30

Cuimhní cinn ar an sobaldráma atá suite i nGaeltacht Chonamara. Tá meon tríúil agus greann mar chroílár an dráma, tréithe a mheallann luacht féachana sa bhaile agus i gcéin. Tá idir naomh agus rógairí ar an mbaile beag seo. Idir ceisteanna caidrimh, grá, gnó, teannas teaghlaigh, magadh agus spochadh na gcomharsan agus fadhbanna pearsanta agus pobail, ní minic a bhíonn lá ciúin ag muintir Ros na Rún

### An Ríl Deal, Dé Domhnaigh 06/009, 20:00

Tá TG4 sa tóir ar na chéad réaltaí móra eile i saol an damhsa Ghaelaigh. Cuirfear fáilte roimh chuile chineál damhsóir Gaelach, idir steip agus damhsa na scuaibe, damhsóirí sean-nóis agus damhsóirí seit, cuir isteach ar an gcomórtas seo. Beidh triúr moltóirí - Breandán de Gallaí, Úna Ní Fhlatharta agus Roy Galvin - ag coinneáil súil ar na hiomaitheoirí. Beidh Rí an Rince é fhéin, David Geaney, mar chuid den fhoireann i mbliana. Beidh sé ag tabhairt a sainchomhairle do na damhsóirí, sula rachaidh siad ar stáitse. Á chur i láthair ag Síomha Ní Ruairc.



### Opry le Daniel, Dé Máirt 15/09, 21:30

Filleann Daniel O'Donnell ar an Millennium Forum i nDoire, mar fear an tí ar 'Opry le Daniel'. Díreoidh an sraith seo ar siamsóirí mór le rá in Éireann agus Meiriceá. Le cloisteáil beidh Chantelle Padden, Gary Fitzpatrick, Simon Peters, David James, Shauna McStravock, Tommy Fleming, The Celtic Brothers, Eleanor Shanley, John McNicholl, Lisa Stanley, Trudi Lalor, Gerry Guthrie, Crystal Gayle, Gloria, Susan McCann, George Hamilton V & VI, Charlie McGettigan, Mick Flavin, Sandy Kelly, Johnny Brady, Marc Roberts, Ciaran Rosney, Ashley Campbell, Mike Denver agus Roisín Fallon.

## B allraíocht Chumainn

Tá corp ballraíochta gach chumainn greamaithe ar ceithre saghas cnámh, sé sin:

Cnáimhín súgartha - an dream atá ag brath ar dhaoine eile an obair a thabhairt chun críche.

An Chnámh ghéill- na daoine a bhfuil mórán le rá acu gan aon toradh ná cur leis le fáil.

Murlán - iad siúd a bhaineann na cosa as iarrachtaí daoine eile.

Cnámha droma - Faoi deireadh, iad siúd a ghlacann an t-ualach agus a chuireann an obair i gcrích gan chlamhsán.

Membership of any organisation is made up of these four Bones.

They are the "Wish Bones", those who spend their time wishing someone else would do the work.

The "Jaw Bones", who do all the talking but little else.

The "Knuckle Bones", who knock everything that anyone tries to do.

Finally the "Back Bones", who get under the load and do the work.

Muiris



*Cumann Gaeilge na hAstráile Teo**IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.*

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a not-for-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. The Cumann is non-political and non-sectarian. Its aim is to promote the Irish language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Celtic language groups.

Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., P.O. Box 594 North Melbourne VIC, 3051

**This form can be used for membership renewal or to notify a change of details.  
New members should use the form available on our website [www.gaeilge.org.au](http://www.gaeilge.org.au)**

Renewal       Update

Sloinne .....  
(surname)

Guthán bh) .....  
(phone)

Céad ainm .....  
(first name)

ah) .....

Seoladh .....  
(address)

Fón .....  
(mobile)

.....

Ríomhphost .....  
(email)

Membership fee is \$45 per annum and due each January. Class donation is \$5 per week.